



An Bhruiséil, 28 Deireadh Fómhair 2025
(OR. en)

14597/25

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0326 (BUD)**

**FIN 1256
SOC 704**

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	28 Deireadh Fómhair 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2025) 621 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón tSualainn — EGF/2025/003 SE/Northvolt

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 621 final.

Faoi iamh: COM(2025) 621 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.10.2025
COM(2025) 621 final

2025/0326 (BUD)

Togra le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe
Iomarcacha tar éis iarratas ón tSualainn — EGF/2025/003 SE/Northvolt**

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

COMHTHÉACS AN TOGRA

1. Na rialacha is infheidhme maidir le ranníocaíochtaí airgeadais ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED), leagtar síos iad i Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013¹.
2. An 16 Meitheamh 2025, chuir an tSualainn iarratas EGF/2025/003 SE/Northvolt isteach ar ranníocaíocht airgeadais ó CED, tar éis iomarcaíochtaí in Northvolt (Northvolt AB) agus a fhochuideachtaí, agus in 13 cinn d'fhochonraitheoirí, soláthróirí agus táirgeoirí iarteachtacha sa tSualainn.
3. Ar mheasúnú an iarratais sin don Choimisiún, ba é a chinn sé, i gcomhréir leis na forálacha uile is infheidhme i Rialachán (AE) 2021/691, go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais a dhámhachtain ó CED.

ACHOIMRE AR AN IARRATAS

Iarratas CED	EGF/2025/003 SE/Northvolt
Ballstát	an tSualainn
An réigiún/na réigiúin lena mbaineann (leibhéal NUTS ² 2)	Övre Norrland (SE33) Stócólm (SE11) Östra Mellansverige (SE12)
An dáta a cuireadh an t- iarratas isteach	an 16 Meitheamh 2025
An dáta a admhaíodh go bhfuarthas an t- iarratas	an 16 Meitheamh 2025
An dáta a iarradh faisnéis bhreise	an 4 Lúnasa 2025
An sprioc-am chun an fhaisnéis bhreise a sholáthar	an 26 Lúnasa 2025
An sprioc-am chun an measúnú a chur i gcrích	an 4 Samhain 2025
An critéar idirghabhála	Airteagal 4(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/691
An príomhfhiontar	Northvolt (Northvolt AB)
An líon fiontar lena mbaineann ³	14

¹ IO L 153, 3.5.2021, lch. 48.

² Rialachán Tarmilghe 2019/1755 ón gCoimisiún an 8 Lúnasa 2019 lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú aicmiú coiteann na n-aonad críche le haghaidh staidrimh (NUTS). IO L 270, 24.10.2019, lgh. 1–56.

³ Cuimsíonn an figiúr sin freisin iomarcaíochtaí poist lasmuigh den tréimhse thagartha in Northvolt (lena n-áirítear fochuideachtaí) agus in Adecco Sweden AB, Away Group AB, Dongjin Sweden AB, Falck Sverige AB, Kubli Bod AB, Randstad AB, Sodexo AB, agus Uggle Engineering Sweden AB.

Earnáil ghníomhaíocht eacnamaíoch an phríomhfhiontair (Rannán NACE Athbhreithniú 2) ⁴	Rannán 71 (Gníomhaíochtaí ailtireachta agus innealtóireachta; tástáil agus anailís theicniúil)
An líon fochuideachtaí, soláthróirí agus táirgeoirí iarthachtacha ⁵	8
Tréimhse thagartha (4 mhí):	28 Samhain 2024–28 Márta 2025
An líon iomarcaíochtaí le linn na tréimhse tagartha (a)	5 829
An líon iomarcaíochtaí roimh an tréimhse thagartha nó ina diaidh (b)	657
An líon iomlán iomarcaíochtaí (a + b)	6 486
An líon iomlán tairbhíthe incháilithe	6 486
An líon iomlán tairbhíthe ar a bhfuiltear ag díriú	5 800
An buiséad le haghaidh seirbhísí pearsantaithe (EUR)	13 663 977
An buiséad chun CED ⁶ a chur chun feidhme (EUR)	546 560
An buiséad iomlán (EUR)	14 210 537
Ranníocaíocht ó CED (60 %) (EUR)	8 526 322

MEASÚNÚ AR AN IARRATAS

Nós imeachta

- An 16 Meitheamh 2025, chuir an tSualainn an t-iarratas EGF/2025/003 SE/Northvolt isteach laistigh de 12 sheachtain ón dáta a comhlíonadh na critéir idirghabhála a leagtar amach in Airteagal 4(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/691. D’admhaigh an Coimisiún go bhfuarthas an t-iarratas an dáta céanna. Fuair an Coimisiún an t-aistriúchán ar an iarratas an 18 Iúil 2025 agus d’iarr sé faisnéis bhreise ar an tSualainn an 4 Lúnasa 2025. Soláthraíodh an fhaisnéis bhreise sin laistigh de 15 lá oibre ón tráth a iarradh í. An sprioc-am 50 lá oibre ón tráth a fuarthas an t-iarratas comhlánaithe, tréimhse ar lena linn ba cheart don Choimisiún a mheasúnú a chur i gcrích ar chomhlíontacht an iarratais leis na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais a sholáthar, rachaidh an sprioc-am sin in éag an 4 Samhain 2025.

Incháilitheacht an iarratais

Na fiontair agus na tairbhíthe lena mbaineann

- Baineann an t-iarratas le 5 829 n-oibrí iomarcacha a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht in Northvolt (Northvolt AB) agus ina fhochuideachtaí, agus in ocht gcinn d’fhochonraitheoirí, soláthróirí agus táirgeoirí iarthachtacha. D’oibrigh an príomhfhiontar sna hearnálacha eacnamaíocha a aicmítear faoi rannán 71 NACE

⁴ IO L 393, 30.12.2006, lch. 1.

⁵ Baineann an figiúr sin le hiomarcaíochtaí laistigh den tréimhse thagartha.

⁶ I gcomhréir le hAirteagal 7(5) de Rialachán (AE) 2021/691.

Athbhreithniú 2 (Gníomhaíochtaí ailtireachta agus innealtóireachta; tástáil agus anailís theicniúil). Na hiomarcaíochtaí a rinne Northvolt, tá siad lonnaithe go príomha i réigiúin NUTS 2 Övre Norrland (SE33), Stócólm (SE11), agus Östra Mellansverige (SE12).

Fiontair agus líon iomarcaíochtaí le linn na tréimhse tagartha			
Príomhfhiontar agus fochuideachtaí ⁷		Fochonraitheoirí, soláthróirí, táirgeoirí iartheachacha	
Northvolt AB	1 013	Adecco Sweden AB	2
Northvolt Ett AB	3 456	Compass Group AB	15
Northvolt Revolt AB	332	Dongjin Sweden AB	11
Northvolt Systems AB	191	Kedali AB	35
Northvolt Fem AB	10	Kjell Grenholm Åkeri AB	3
Northvolt Labs AB	492	Linotolgov AB	25
Novo Energy Production AB	54	Sodexo AB	167
Novo Energy R&D AB	3	Titan konstruktion AB	10
Novo Energy AB	10		
Northvolt — iomlán	5 561		
An líon iomlán fiontar⁸: 9		An líon iomlán iomarcaíochtaí:	5 829

Critéir idirghabhála

- Chuir an tSualainn an t-iarratas isteach faoi na critéir idirghabhála in Airteagal 4(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/691, lena gceanglaítear scor na gníomhaíochta i gcás 200 oibrí iomarcacha ar a laghad le linn tréimhse thagartha 4 mhí i bhfiontar atá lonnaithe i mBallstát, lena n-áirítear oibrithe a chuirtear as a bpost i soláthróirí agus i dtáirgeoirí iartheachacha agus/nó daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht.
- Maireann an tréimhse thagartha 4 mhí le haghaidh an iarratais ón 28 Samhain 2024 go dtí an 28 Márta 2025.
- Tharla scor na gníomhaíochta le linn na tréimhse thagartha mar a leanas:
 - 5 561 oibrí iomarcacha in Northvolt,
 - 268 n-oibrí iomarcacha in 8 gcinn d'fhoconraitheoirí, soláthróirí agus táirgeoirí iartheachacha de chuid Northvolt.

Ríomh na n-iomarcaíochtaí agus scor na gníomhaíochta

- De bhun Airteagal 6, an chéad mhír, pointe (a), i gcomhar le Airteagal 5, an chéad mhír, de Rialachán (AE) 2021/691, ríomhadh scor ghníomhaíochtaí na n-oibrithe iomarcacha le linn na tréimhse thagartha mar a leanas:

⁷ Bunaíodh Novo Energy Production AB, Novo Energy R&D AB, agus Novo Energy AB mar chomhfhiontair de chuid Northvolt agus Volvo Cars. Ag tús 2025, shealbhaigh Volvo Cars na scaireanna uile, rud a d'fhág gur faoina úinéireacht amháin atá na cuideachtaí.

⁸ An príomhfhiontar Northvolt, lena n-áirítear fochuideachtaí agus ocht gcinn d'fhoconraitheoirí, soláthróirí agus táirgeoirí iartheachacha.

- 4 552 oibrí ón dáta a thug an fostóir, i gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Threoir 98/59/CE ón gComhairle⁹, fógra i scríbhinn don údarás poiblí inniúil faoi na hiomarcaíochtaí comhchoiteanna réamh-mheasta. Dheimhnigh an tSualainn, roimh an dáta a chuir an Coimisiún an measúnú i gcrích, gur cuireadh na 4 552 iomarcaíocht sin i bhfeidhm,
- 1 277 n-oibrí ó dháta foirceanta *de facto* an chonartha fostaíochta nó ó dháta éaga an chonartha sin.

Tairbhíthe incháilithe

10. Sa bhreis ar na hoibrithe a ndearnadh tagairt dóibh cheana, áirítear leis na tairbhíthe incháilithe 657 n-oibrí iomarcacha ar tháinig deireadh lena ngníomhaíocht roimh an tréimhse tagartha 4 mhí nó dá héis. Chuir na hoibrithe sin uile deireadh lena ngníomhaíocht laistigh de 6 mhí roimh thús na tréimhse tagartha an 28 Samhain 2024 nó idir deireadh na tréimhse tagartha agus an lá roimh ghlacadh an togra seo, de bhun Airteagal 6, an chéad mhír, pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/691. Is féidir nasc cúisíoch soiléir a dhéanamh leis an teagmhas lenar tionscnaíodh scor ghníomhaíocht na n-oibrithe iomarcacha le linn na tréimhse tagartha, mar a cheanglaítear le hAirteagal 6, an dara mír, de Rialachán (AE) 2021/691.

11. Is é 6 486 dhuine an líon iomlán tairbhíthe incháilithe.

Tuairisc ar na teagmhais ba chúis leis na hiomarcaíochtaí agus scor na gníomhaíochta

12. Is é ba chúis leis na hiomarcaíochtaí sin athstruchtúrú mór ar Northvolt AB, agus féimheacht an fhiontair go gairid ina dhiaidh sin. Mar thoradh iarmhartach air sin, bhí fochonraitheoirí, soláthróirí agus táirgeoirí iartheachacha an fhiontair thíos le babhta eile, babhta níos lú, d'iomarcaíochtaí post.
13. Bhunaigh infheisteoirí príobháideacha Northvolt AB in 2016, agus iad ag iarraidh tionscal ceallraí Eorpach a bhunú chun an spleáchas ar mhonaróirí Síneacha a laghdú. Thóg Northvolt monarcha ceallraí i mbardas Skellefteå. An mhonarcha sin, ar a dtugtar Northvolt Ett (Northvolt One), cuireadh ar bun í ionas go bhféadfaí ceallraí litiam-ian a mhonarú le haghaidh gluaisteáin leictreacha agus fuinneamh a stóráil. Thairis sin, bunaíodh Northvolt Labs mar champas taighde i mbardas Västerås.
14. Osclaíodh Northvolt Ett i mí an Mheithimh 2022. Tháinig fadhbanna tromchúiseacha sa phróiseas táirgthe chun solais go tapa, áfach. Le linn 2023, ní rabhthas ag táirgeadh in Northvolt Ett ach 0,5 % den acmhainneacht a bhí beartaithe dó ar dtús. Mar gheall ar na moilleanna sin, bhí ar chliaint mhóra Northvolt a n-orduithe a chur ar ceal.
15. An tráth céanna, bhí táirgeoirí ceallraí Síneacha in ann ceallraí a dhíol ar leathphraghas i gcomparáid le Northvolt, a bhuí le fóirdheontais stáit. Mar thoradh ar cheannasacht na Síne, agus mar iarracht ar bheith neamhspleách ar tháirgeoirí Síneacha, thug an-chuid gilleagair dhomhanda fóirdheontais mhóra dá dtáirgeadh ceallraí féin freisin.
16. Is é an toradh a bhí ar na hiarrachtaí chun sciartha den mhargadh a ghnóthú go raibh rósholáthar ollmhór ceallraí ann, agus na hacmhainneachtaí táirgeachta a fógraíodh, sháraigh siad i bhfad an t-éileamh réamh-mheasta. Bhí dóthain ceallraí á dtáirgeadh

⁹ Treoir 98/59/CE ón gComhairle an 20 Iúil 1998 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát i ndáil le hiomarcaíochtaí comhchoiteanna (IO L 225, 12.8.1998, lch. 16).

ag táirgeoirí na Síne astu féin chun freastal ar an éileamh domhanda. Dá bhrí sin, tugann féimheacht Northvolt ceartúcháin mhargaidh dhosheachanta le fios i bhfianaise na ndúshlán maidir le ró-acmhainneacht.

17. Mar thoradh ar athbhreithniú straitéiseach, an 23 Meán Fómhair 2024, d'fhógair Northvolt ciorruithe fairsinge foirne, agus tugadh fógra foirceanta do 1 600 fostaí san iomlán.
18. An 12 Márta 2025, dearbhaíodh go raibh Northvolt ina fhéimheach. Leanadh den táirgeadh go dtí an 22 Bealtaine 2025, nuair a rinne an custaiméir deireanach a bhí fágtha cinneadh athrú chuig soláthróir eile.
19. An 7 Lúnasa 2025, d'fhógair Lyten, cuideachta nuathionscanta Mheiriceánach, go raibh sé ar intinn aige táirgeadh ceallraí Northvolt a thógáil ar láimh. Tá an t-idirbheart sin á fhormheas faoi láthair ag údaráis na Sualainne. Ní léir fós cén uair a d'fhéadfaí tús a chur leis an táirgeadh an athuair agus cé mhéad oibrí a d'fhéadfaí a athearcú.

An tionchar a mheastar a bheidh ag na hiomarcaíochtaí a mhéid a bhaineann leis an ngeilleagar áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta, agus leis an bhfostaíocht

20. Is í féimheacht Northvolt an fhéimheacht is mó a tharla sa tSualainn ar na saolta deireanacha seo. Tharla na hiomarcaíochtaí i láithreáin Northvolt in Skellefteå, Västerås agus Stócólm. Mar sin féin, i bhfianaise acmhainneacht ionsúcháin na margaí fostaíochta áitiúla, an líon iomarcaíochtaí sna cathracha ábhartha, agus próifílí poist an lucht saothair a ndearnadh difear dóibh, is é sin, poist sa réimse taighde agus bainistíochta go príomha, measann údaráis na Sualainne nach n-imreofar aon tionchar mór ar chathracha Västerås agus Stócólm. Ós rud é gur cuireadh níos mó ná 5 000 oibrí as a bpost i gcathair Skellefteå (daonra 36 000 sa chathair agus 77 000 sa bhargas), is dian an tionchar ar an gcathair sin. Dá bhrí sin, rinne údaráis na Sualainne cinneadh an cúnamh CED a dhíriú ar Skellefteå. Mar sin féin, cuirfear an lucht saothair in Västerås agus Stócólm ar an eolas go bhféadfadh bearta CED a bheith ar fáil, agus deonófar cúnamh arna iarraidh sin.
21. Maidir le cathair Skellefteå i dtuaisceart na Sualainne, bhí tréimhse ann inar tháinig athrú ó bhonn uirthi. Chun deireadh a chur leis an laghdú daonra, d'aimsigh an réigiún infheistíochtaí struchtúracha móra, agus i dteannta straitéis forbartha a bhí dírithe ar an aistriú glas, mealladh infheisteoirí leo sin. Le monarcha ceallraí Northvolt, spreagadh forbairt eacnamaíoch an réigiúin.
22. Ag tús 2024, tuairiscíodh go raibh cúpla míle folúntas fós in Skellefteå, agus ba é 2,9 % an ráta dífhostaíochta. Tar éis fhéimheacht Northvolt, áfach, tháinig méadú géar go 8,2 % ar an dífhostaíocht i mí Aibreáin 2025.
23. Cúis imní mhór is ea an imirce daoine oilte a mheastar a bheidh ann tar éis na n-iomarcaíochtaí post. Bhí an-chuid oibrithe tar éis bogadh go dtí an chathair díreach cúpla bliain roimhe sin chun tabhairt faoin bpost ag Northvolt. Thairis sin, ba náisiúnaigh tríú tír iad 40 % de lucht saothair Northvolt, a raibh a gceadanna oibre agus cónaithe ag brath ar a bhfostaíocht. Chun tallann a choinneáil, tá gá le hiarrachtaí ollmhóra chun cuidiú leo fostaíocht nua a aimsiú go tapa, sa réigiún más féidir.
24. An-chuid de na hoibrithe a rinneadh iomarcach, tá scileanna ar leith acu i réimse an táirgthe ceallraí agus na hinnealtóireachta ceallraí. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le bearta spriocdhírithe chun cuidiú leis na daoine sin ról nua a aimsiú i dtionscail eile

sa réigiún a bhfuil borradh fúthu. Beidh an oiliúint agus an t-uas-sciliú rithábachtach chun na héifeachtaí fadtéarmacha ar an dífhostaíocht a mhaolú.

Cur i bhfeidhm Chreat Cáilíochta an Aontais Eorpaigh um oirchill athraithe agus athstruchtúraithe

25. Thug an tSualainn tuairisc ar an gcaoi ar cuireadh san áireamh na moltaí a leagtar amach i gCreat Cáilíochta an Aontais Eorpaigh um oirchill athraithe agus athstruchtúraithe: Roimh a fhéimheacht, bhí soláthar déanta ag Northvolt don chuid sin dá lucht saothair a bhí thíos lena athstruchtúrú mórsála i bhfómhar 2024. Bhí comhaontú comhchoiteann tugtha i gerích ag an bhfiontar leis na ceardchumann. Tairgeadh pacáistí athshocrúcháin do náisiúnaigh tríú tír a raibh a gcead oibre agus cónaithe ag brath ar a gconradh fostaíochta.
26. Maidir leis na gníomhaíochtaí a rinneadh chun cúnaimh a thabhairt do na hoibrithe a rinneadh iomarcach, thuairiscigh an tSualainn go bhfuair oibrithe cuidiú ó Chomhairlí Slándála Fostaíochta na Sualainne, TRR agus TSL¹⁰. Cuireadh na heintitis sin ar bun le comhaontuithe comhchoiteanna idir eagraíochtaí fostóirí agus eagraíochtaí fostaithe chun tacaíocht um aistriú a chistiú d'fhostaithe a ndearna an iomarcaíocht post difear dóibh. Mar sin féin, ní chumhdaítear daoine a bhfuil stair fostaíochta neamhleor acu, ná náisiúnaigh tríú tír nach bhfuil buancheart cónaithe acu.

Comhlántacht le gníomhaíochtaí arna gcistiú as cistí náisiúnta nó as cistí de chuid an Aontais

27. Maidir leis na bearta a bhfuil tuairisc orthu thíos agus a gheobhaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED, dheimhnigh an tSualainn nach bhfaigheadh na bearta sin ranníocaíochtaí airgeadais anuas air sin ó ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais.
28. Leis an bpacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe comhlánaítear gníomhaíochtaí arna gcistiú le cistí náisiúnta nó príobháideacha, mar atá, an tsraith rialta beart a chuireann an tSeirbhís Phoiblí Fostaíochta ar fáil, chomh maith leis na seirbhísí a thairgeann Comhairlí Slándála Fostaíochta na Sualainne, TRR agus TSL. Comhlánaítear é freisin le cistí breise de chuid an Aontais, ós rud é gur foilsíodh glao faoin gclár náisiúnta CSE+ chun borradh a chur faoin bhfothú acmhainneachta sa réigiún lena mbaineann, agus é d'aidhm aige an margadh saothair a athbheochan.

Nósanna imeachta maidir le dul i gcomhairle leis na tairbhíthe ar a bhfuiltear ag díriú nó lena n-ionadaithe, nó leis na comhpháirtithe sóisialta agus leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha

29. Tá sé curtha in iúl ag an tSualainn gur tarraingíodh suas an pacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe i gcomhairle leis na ceardchumann atá ag gníomhú thar ceann na dtairbhíthe ar a bhfuiltear ag díriú, agus leis na comhpháirtithe sóisialta, i gcomhréir le hAirteagal 7(4) de Rialachán (AE) 2021/691. An 22 Deireadh Fómhair 2024, tionóladh an chéad chruinniú idir an fiontar atá ag dífhostú, na ceardchumann, an tSeirbhís Phoiblí Fostaíochta, chomh maith le Comhairlí Slándála Fostaíochta na Sualainne, TRR agus TSL. Le linn an chruinnithe sin, bunaíodh meitheal ina raibh ionadaithe ó na heagraíochtaí sin.

¹⁰ Tacaíonn TRR (Trygghetsrådet) le fostaithe bóna bháin agus tacaíonn TSL (Trygghetsfonden) le fostaithe bóna ghoirm.

30. Tháinig an mheitheal ar chomhaontú freisin maidir leis an iarratas ar chúnamh CED, agus maidir le pacáiste beart a cheapadh i gcomhréir le straitéisí forbartha áitiúla agus réigiúnacha agus le riachtanais an fhostóra.

Na tairbhíthe ar a bhfuiltear ag díriú agus na bearta atá beartaithe

Na tairbhíthe ar a bhfuiltear ag díriú

31. Meastar gur 5 800 an líon oibrithe iomarcacha a ghlacfaidh páirt sna bearta. De bhun Airteagal 8(7), pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/691, is é seo a leanas an miondealú a cuireadh ar fáil ar na hoibrithe sin de réir inscne, aoisghrúpa agus leibhéal oideachais:

Catagóir		An líon tairbhíthe a mheastar a bheidh ann	
Inscne:	Fir:	4 126	(71,1 %)
	Mná:	1 674	(28,9 %)
	Neamh- dhénártha	0	(0 %)
Aoisghrúpa:	Faoi bhun 30 bliain:	1 682	(29,0 %)
	30–54 bliana:	3 944	(68,0 %)
	Os cionn 54 bliana:	174	(3,0 %)
Leibhéal oideachais	Oideachas meánscoile sóisearach, nó níos lú ná sin ¹¹	348	(6,0 %)
	Oideachas meánscoile sinsearach ¹² nó oideachas iar-mheánscoile ¹³	1 740	(30,0 %)
	Oideachas treasach ¹⁴	3 712	(64,0 %)

Bearta atá beartaithe

32. De bhun Airteagal 8(7), pointe (h) de Rialachán (AE) 2021/691, is iad na bearta seo a leanas atá sa phacáiste comhordaithe pearsantaithe atá le soláthar d'oibrithe iomarcacha:
- Grinnmheasúnú agus pleanáil don duine aonair: Is é an beart seo croílár an chúnamh i dtaca le cuardach poist don duine aonair. Cumhdaíonn sé seisiúin chuimsitheacha le cóitseálaí aonair.

¹¹ ISCED 0-2

¹² ISCED 3

¹³ ISCED 4

¹⁴ ISCED 5-8

- Gníomhaíochtaí cuardaigh poist agus cóitseáil: Tairgtear bearta aonair agus bearta grúpa araon, agus cumhdaítear leo cóitseáil ar mhaithe le seisiúin teagmhála aonair le fostóirí féideartha, mar aon le ceardlanna nó cainteanna spreagthacha. Cuireann soláthraithe seirbhíse príobháideacha arna soláthar ag an tSeirbhís Phoiblí Fostaíochta tacaíocht phearsantaithe chuimsitheach ar fáil chun scileanna duine a mheasúnú, agus chun fostaíocht a aimsiú.
 - Tacaíocht chun gnólacht a thosú: Oiliúint arna cur ar fáil ag comhairleoir seachtrach dóibh siúd ar spéis leo a ngnólacht féin a thosú.
 - Tacaíocht infheistíochta le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta: Beidh deis ag cuardaitheoirí poist a chuireann tús lena gcuideachta féin iarratas a dhéanamh ar thacaíocht infheistíochta shonrach suas le EUR 22 000. Féadfar é sin a úsáid ar mhaithe le hinfeistíochtaí agus trealamh tosaigh, costais forbartha gnó, réitigh dhigiteacha agus margaíocht.
 - Traenáil margaidh saothair: Seisiúin ghearra phraiticiúla ghairmoiliúna arna gcur ar fáil ag an tSeirbhís Phoiblí Fostaíochta, ar seisiúin iad atá dírithe ar chuardaitheoirí poist agus é d'aidhm acu scileanna a mheaitseáil i ngairmeacha ina bhfuil ganntanas scileanna agus freastal ar na riachtanais fostaíochta atá ann faoi láthair sa mhargadh saothair. Féadfar a áireamh leis sin micridhintiúir a úsáid chun an fhoghlaim a fuarthas a aithint.
 - Cúrsaí oiliúna laistigh den chóras oideachais príomhshrutha: Is cúrsaí 2 bhliain ar a laghad iad na cúrsaí sin, agus is iad institiúidí oiliúna nó an córas ardoideachais a chuireann ar fáil iad. Ní bheadh rochtain ag cuardaitheoirí poist ar na cúrsaí sin de ghnáth. Is féidir cúrsaí a chur in oiriúint do riachtanais aonair, go háirithe dóibh siúd nach bhfuil cur amach acu ar an tSualainnis.
 - Céimeanna i dtreo na hOibre: Tá an beart seo dírithe ar thairbhíthe an-leochaileach a bhféadfadh gá a bheith acu le tacaíocht speisialta chun rochtain a fháil ar an margadh saothair nó chun tabhairt faoin oideachas.
 - Liúntais: Íoctar liúntas leo siúd atá ag gabháil d'intéirneacht nó atá ag oibriú ar a ngnólacht féin a sheoladh. Íoctar liúntas gníomhaíochta leo siúd atá rannpháirteach go gníomhach sna bearta oiliúna a chuirtear ar fáil. Íoctar liúntas soghluaisteachta chun costais taistil agus aistrithe a chumhdach i gcás ina n-aimsítear fostaíocht nua i réigiún eile. Costais taistil chun dul faoi agallaimh phoist lasmuigh den bhaile, is féidir iad a aisíoc.
33. Scileanna digiteacha agus glasa: Freastalaíonn na bearta seo ar scaipeadh na scileanna a bhfuil gá leo sa ré dhigiteach thionsclaíoch agus i ngeilleagar atá tíosach ar acmhainní, mar a cheanglaítear le hAirteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2021/691. Ceapadh na bearta comhordaithe i gcomhréir leis na riachtanais scileanna a eascraíonn as an ré dhigiteach thionsclaíoch agus as an aistriú chuig geilleagar atá níos tíosaí ar acmhainní¹⁵. Áirítear ar na bearta freisin taithí roimhe seo a bhailíochtú.
34. Maidir leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe, a dtugtar tuairisc orthu anseo, is bearta gníomhacha beartais maidir leis an margadh saothair iad faoi chuimsiú na ngníomhaíochtaí incháilithe a leagtar amach in Airteagal 7 de Rialachán (AE)

¹⁵

Samplaí d'ábhar cúrsaí is ea rialaitheoir loighce in-ríomhchláraithe, uathoibriú tionsclaíoch, bainistiú táirgthe dhigitigh, teicneolaíocht atá tíosach ar fhuinneamh agus bun-ríomhchlárú.

2021/691. Ní thagann na gníomhaíochtaí sin in ionad bearta éighníomhacha cosanta sóisialta.

35. Sholáthair an tSualainn an fhaisnéis is gá maidir le bearta atá éigeantach don fhiontar lena mbaineann de bhua an dlí náisiúnta nó de bhun comhaontuithe comhchoiteanna. I gcomhréir le hAirteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2021/691, dheimhnigh an tSualainn nach gcuirfear ranníocaíocht airgeadais ó CED in ionad na mbeart sin.

Buiséad measta

36. Is é EUR 14 210 537 luach na gcostas iomlán measta, costais a chuimsíonn caiteachas EUR 13 663 977 ar sheirbhísí pearsantaithe agus caiteachas EUR 546 560 ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe.
37. Is é EUR 8 526 322 (60 % de na costais iomlána) an ranníocaíocht airgeadais iomlán a iarradh ó CED.
38. De bhun Airteagal 8(7), pointe (m), de Rialachán (AE) 2021/691, shonraigh an tSualainn gurb é Arbetsförmedlingen (Seirbhís Phoiblí Fostaíochta na Sualainne) a sholáthraíonn an réamh-mhaoiniú agus an comhchistiú náisiúnta.

Beartha	An líon measta rannpháirtithe	An costas measta in aghaidh an rannpháirtí (EUR) ¹⁶	Costais mheasta iomlána (EUR) ¹⁷
Seirbhísí pearsantaithe (bearta faoi Airteagal 7(2), an dara fomhír, pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/691)			
Grinnmheasúnú agus pleanáil aonair (Kartläggning och individuell planering)	5 800	57	330 688
Gníomhaíochtaí cuardaigh poist agus cóitseáil (Jobbsökaraktiviteter och coachning)	1 000	29	28 508
Gníomhaíochtaí cuardaigh poist agus cóitseáil trí sholáthraithe (Jobbsökaraktiviteter och coachning via privata leverantörer)	500	1 824	912 242
Tacaíocht chun gnólacht a thosú (Stöd vid start av eget företagande)	50	1 642	82 102
Tacaíocht infheistíochta le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta (Investeringsstöd)	100	21 715	2 171 502

¹⁶ Chun deachúlacha a sheachaint, déantar an figiúr a shlánú i gcás na gcostas measta in aghaidh an oibrí. Mar sin féin, ní dhéanann an slánú aon difear do chostas iomlán gach birt, arae tá sé sin fós mar a shonraítear san iarratas a chuir an tSualainn isteach.

¹⁷ Mar gheall ar an slánú, ní réitíonn suimeanna na n-iomlán le chéile.

Traenáil margaidh saothair (Arbetsmarknadsutbildning)	510	9 697	4 945 539
Cúrsaí oiliúna laistigh den chóras oideachais príomhshrutha (Utbildning inom ordinarie utbildningssystem)	40	17 105	684 182
Céimeanna i dtreo na hOibre (Steg till arbete (STA))	50	6 769	338 442
Fo-iomlán (a): An céatadán den phacáiste de sheirbhísí pearsantaithe	–		9 493 205 (69,48 %)
Liúntais agus dreasachtaí (bearta faoi Airteagal 7(2), an dara fomhír, pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/691)			
Liúntas gníomhaíochta le linn a bheith i mbun intéirneachta nó chun gnólacht nuathionscanta a ullmhú (Finansiellt stöd (Aktivitetsstöd) för praktik och starta eget)	150	5 473	821 018
Liúntas soghluaisteachta (Flyttbidrag)	150	1 824	273 673
Liúntas gníomhaíochta (Finansiellt stöd (Aktivitetsstöd))	550	5 473	3 010 400
Liúntas taistil chun páirt a ghlacadh in agallaimh (Finansiellt stöd för resa vid anställningsintervju)	200	328	65 681
Fo-iomlán (b): An céatadán den phacáiste de sheirbhísí pearsantaithe:	–		4 170 772 (30,52 %)
Gníomhaíochtaí faoi Airteagal 7(5) de Rialachán (AE) 2021/691			
1. Gníomhaíochtaí ullmhúcháin	–		63 071
2. Bainistíocht	–		456 121
3. Faisnéis agus poiblíocht	–		13 684
4. Rialú agus tuairisciú	–		13 684
Fo-iomlán (c): An céatadán de na costais iomlána:	–		546 560 (3,85 %)
Costais iomlána (a + b + c):	–		14 210 537
Ranníocaíocht ó CED (60 % de na costais iomlána)	–		8 526 322

39. Costais na mbearta a shainaithnítear sa tábla thuas mar bhearta faoi Airteagal 7(2), an dara fomhír, pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/691, ní mó iad ná 35 % de na costais

iomlána le haghaidh an phacáiste chomhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe. Dheimhnigh an tSualainn go ngabhann coinníoll leis na bearta sin, is é sin, nach mór do na tairbhíthe ar a bhfuiltear ag díriú a bheith rannpháirteach go gníomhach i ngníomhaíochtaí cuardaigh poist nó i ngníomhaíochtaí oiliúna.

40. I gcomhréir le hAirteagal 7(2), an ceathrú fómhír, de Rialachán (AE) 2021/691, dheimhnigh an tSualainn, maidir le costais na n-infheistíochtaí le haghaidh féinfhostaíochta, gnólachtaí nuathionscanta agus ceannach thar barr amach arna dhéanamh ag fostaithe, nach mó ná EUR 22 000 in aghaidh an tairbhí a bheidh sna costais sin.

Tréimhse incháilitheachta an chaiteachais

41. An 25 Deireadh Fómhair 2024 thosaigh an tSualainn ag soláthar na seirbhísí pearsantaithe do na tairbhíthe ar a bhfuiltear ag díriú. Dá bhrí sin, an caiteachas ar na bearta, beidh sé incháilithe do ranníocaíocht airgeadais ó CED ón 25 Deireadh Fómhair 2024 go dtí 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh Maoiniúcháin, cé is moite de chúrsaí oideachais nó oiliúna a mhaireann 2 bhliain nó níos mó, ar bearta iad a bheidh incháilithe go dtí 31 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh Maoiniúcháin.
42. An 25 Deireadh Fómhair 2024 thosaigh an tSualainn ag tabhú an chaiteachais riaracháin i leith chur chun feidhme CED. Dá bhrí sin, an caiteachas ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe, beidh an caiteachas sin incháilithe do ranníocaíocht airgeadais ó CED ón 25 Deireadh Fómhair 2024 go dtí 31 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh Maoiniúcháin.

Córais bhainistíochta agus rialaithe

43. Tá tuairisc san iarratas ar an gcóras bainistíochta agus rialaithe a cheanglaítear faoi Airteagal 23 de Rialachán (AE) 2021/691, agus sonraítear sa tuairisc sin freagrachtaí na gcomhlachtaí lena mbaineann. Tá fógra tugtha ag an tSualainn don Choimisiún gurb é Arbetsförmedlingen, Seirbhís Phoiblí Fostaíochta na Sualainne, a bhainisteoidh an ranníocaíocht airgeadais, mar a rinneadh i gcásanna CED roimhe seo. Feidhmíonn Arbetsförmedlingen mar an t-údarás bainistíochta agus íocaíochta. Is ar an Aonad um Chomhar AE agus um Chomhar Idirnáisiúnta in Oifig an Ard-Stiúrthóra atá an fhreagracht fhoriomlán as bearta CED a bhainistiú. Is é an tAonad Cuntasaíochta agus Tuairiscithe sa Roinn Airgeadais atá freagrach as na hacmhainní airgeadais a bhainistiú. Ainmníodh feidhm dheimhniúcháin freisin chun cuntais chríochnaitheacha an tionscadail a dheimhniú. Thug an tSualainn fógra freisin go ndéanfaidh an t-údarás bainistíochta Conradh le cuideachta iniúchóireachta neamhspleách, arna foinsiú go seachtrach, chun tuairim iniúchóireachta a sholáthar i dtaobh cé acu atá nó nach bhfuil an caiteachas ar soláthraíodh cómhaoiniú ón Aontas ina leith dlíthiúil agus rialta, i dtaobh cé acu a thugann nó nach dtugann na cuntais ina mionsonraítear caiteachas an chláir léargas fíor agus cothrom, agus i dtaobh cé acu a fheidhmíonn nó nach bhfeidhmíonn na córais rialaithe a cuireadh i bhfeidhm i gceart.

Gealltanais a sholáthair an Ballstát lena mbaineann

44. Sholáthair an tSualainn na dearbhuithe uile is gá maidir leis na nithe seo a leanas:
- cloífeadh leis na prionsabail um chóir chomhionann agus um neamh- idirdhealú a mhéid a bhaineann le rochtain ar na bearta atá beartaithe agus cur chun feidhme na mbeart sin,

- comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos sa dlí náisiúnta agus i ndlí an Aontais maidir le hiomarcaíochtaí comhchoiteanna,
- beidh cosc ar aon mhaoiniú dubailte,
- cloífidh an ranníocaíocht airgeadais ó CED le rialacha nós imeachta agus rialacha ábhartha an Aontais maidir le Státchabhair.

IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Togra buiséadach

45. Ní rachaidh CED thar uasmhéid bliantúil EUR 30 milliún (i bpraghsanna 2018), mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027¹⁸, arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 ón gComhairle an 29 Feabhra 2024¹⁹.
46. Agus scrúdú déanta aige ar an iarratas i dtaca leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2021/697, agus tar éis é an líon tairbhíthe ar a bhfuiltear ag díriú, na bearta atá beartaithe agus na costais mheasta a chur san áireamh, molann an Coimisiún EUR 8 526 322 a shlógadh as CED, méid is ionann agus 60 % de chostais iomlána na mbeart atá beartaithe, chun ranníocaíocht airgeadais a sholáthar le haghaidh an iarratais.
47. An cinneadh atá beartaithe maidir le CED a shlógadh, is iad Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i gcomhpháirt le chéile a dhéanfaidh an cinneadh sin de bhun Airteagal 15(1), an chéad fhomhír, an dara habairt, de Rialachán (AE) 2021/691 agus, mar a leagtar síos i bpointe 9 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach²⁰.

Gníomhartha gaolmhara

48. An tráth céanna a thíolacfaidh sé an togra seo le haghaidh cinneadh CED a shlógadh, déanfaidh an Coimisiún togra a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle le haghaidh EUR 8 526 322 a aistriú chuig an líne bhuiséadach iomchuí.
49. An tráth céanna a ghlac sé an togra seo le haghaidh cinneadh CED a shlógadh, ghlac an Coimisiún cinneadh maidir le ranníocaíocht airgeadais arb é atá ann cinneadh maoiniúcháin de réir bhrí Airteagal 110 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509²¹. Tiocfaidh an cinneadh maoiniúcháin sin i bhfeidhm an dáta a gheobhaidh an Coimisiún fógra gur fhorhmeas Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an t-aistriú buiséadach de bhun Airteagal 15(2), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) 2021/691.

¹⁸ IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11.

¹⁹ IO L, 2024/765, 29.2.2024

²⁰ IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28.

²¹ Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú), IO L, 2024/2509, 26.9.2024.

Togra le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón tSualainn — EGF/2025/003 SE/Northvolt

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013²², agus go háirithe Airteagal 15(1), an chéad fhomhír, de,

Ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach²³, agus go háirithe pointe 9 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá sé d'aidhm ag an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) dlúthpháirtíocht a léiriú agus fostaíocht chuibhiúil inbhuanaithe a chur chun cinn san Aontas trí thacaíocht a thabhairt d'oibrithe a rinneadh iomarcach agus do dhaoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht i gcás athstruchtúruithe móra, agus trí chúnamh a thabhairt dóibh filleadh ar obair chuibhiúil inbhuanaithe a luaithe is féidir.
- (2) Ní rachaidh CED thar uasmhéid bliantúil EUR 30 milliún (i bpraghsanna 2018), mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle²⁴, arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 ón gComhairle, agus mar a leagtar síos freisin in Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2021/691.
- (3) An 16 Meitheamh 2025, chuir an tSualainn iarratas isteach chun CED a shlógadh i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2021/691, i leith iomarcaíochtaí oibrithe in Northvolt (Northvolt AB) agus a fhochuideachtaí agus in 13 cinn d'fhochonraitheoirí, soláthróirí agus táirgeoirí iartheachtacha sa tSualainn. Rinneadh é a fhorlónadh trí fhaisnéis bhreise a sholáthar, faisnéis a soláthraíodh i gcomhréir le hAirteagal 8(5) de Rialachán (AE) 2021/691. Meastar go gcomhlíontar leis an iarratas sin na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais ó CED a sholáthar, mar a

²² IO L 153, 3.5.2021, lch. 48, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/691/oj>.

²³ IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinst/2020/1222/oj.

²⁴ Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2093/oj>).

leagtar síos in Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2021/691, ar bhonn an mheasúnaithe a rinne an Coimisiún sa Togra le haghaidh cinneadh maidir le slógadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁵.

- (4) Dá bhrí sin, ba cheart CED a shlógadh chun ranníocaíocht airgeadais EUR 8 526 322 a sholáthar i leith an iarratais a chuir an tSualainn isteach.
- (5) Chun íoslaghdú a dhéanamh ar an am a theastaíonn chun CED a shlógadh, ba cheart feidhm a bheith ag an gcinneadh seo ó dháta a ghlactha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Faoi chuimsiú bhuiséad ginearálta an Aontais le haghaidh na bliana airgeadais 2025, déanfar an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh chun méid EUR 8 526 322 a sholáthar ina leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus íocaíochtaí.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón *[dáta a ghlactha]*^{*}.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Parlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

²⁵ COM(2025) 621

^{*} Tá an dáta le cur isteach ag an bParlaimint sula ndéantar an foilsiú in IO.